AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.5.2022
COM(2022) 243 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

An Séú Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc

Clár

1. Réamhrá 1
1.1. An Tuirc agus géarchéim na ndídeanaithe 1
1.2. Freagairt an Aontais ar an ngéarchéim agus bunú na Saoráide 1
2. Feidhmiú na Saoráide 1
3. Acmhainneacht airgeadais, tréimhse ama agus cineál an chistithe 1
4. Cur chun feidhme na Saoráide 1
5. Faireachán & meastóireacht 1
6. Iniúchóireacht 1
7. Cumarsáid agus infheictheacht 1
8. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile 1

1. Réamhrá

I gcomhréir le hAirteagal 8 (1) de Chinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015[1] maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú trí shásra comhordúcháin ('an Cinneadh'), coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi chur chun feidhme na Saoráide do Dhídeanaithe sa Tuirc (dá ngairtear 'an tSaoráid' anseo feasta). Foráiltear le hAirteagal 8 (2) den Chinneadh go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Saoráide. Foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid i mí an Mhárta 2017[2]. Is féidir gach Tuarascáil Bhliantúil a fháil ar shuíomh gréasáin na Saoráide do Dhídeanaithe[3]. Ba é mí Feabhra 2022 an scoithdháta le haghaidh na tuarascála sin.

1.1.An Tuirc agus géarchéim na ndídeanaithe

Mar gheall ar a suíomh geografach, is tír thábhachtach ghlactha agus idirthurais le haghaidh dídeanaithe agus imirceach í an Tuirc. Tá an tír ina hóstach le haghaidh breis agus 4 mhilliún dídeanaí, an líon dídeanaithe is airde ar domhan. Áirítear leis sin breis agus 3.7 milliún dídeanaí cláraithe ón tSiria[4], agus 330 000 dídeanaí agus iarratasóir tearmainn cláraithe ón Afganastáin, ón Iaráic, ón Iaráin agus ón tSomáil den chuid is mó[5] [6]. Tá an líon mór sin daoine tar éis tionchar nach beag a imirt ar na pobail óstacha. Easáitiú fadtréimhseach dídeanaithe ón tSiria agus an méadú ar líon na n-imirceach neamhrialta ón Afganastáin sa Tuirc, tar éis ghéarchéim shamhradh 2021, tá an méid sin ina chúis le méadú de réir a chéile ar na dúshláin maidir leis an gcomhtháthú sóisialta idir dídeanaithe, imircigh agus pobail óstacha, go háirithe i gcomhthéacs arb é is bonn leis an sleabhcadh eacnamaíoch agus tionchar phaindéim COVID-19 ar an margadh saothair.

Tá iarrachtaí an-mhór á ndéanamh ag an Tuirc fós chun níos mó ná 4 mhilliún dídeanaí agus imirceach a óstáil agus chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais, agus tá sí tar éis a tiomantas a athdhearbhú maidir leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc de mhí an Mhárta 2016 a chur chun feidhme[7]. D'ainneoin a raibh coinne leis, ní raibh ar an Tuirc déileáil le mórphlódú imirceach agus dídeanaithe de dheasca staid slándála na hAfganastáine, a chuaigh in olcas de réir a chéile. Mar sin féin, tá brú ann fós ar feadh theorainn na Tuirce agus na hIaráine. Bhí torthaí nithiúla á mbaint amach ag an Ráiteas fós in 2021 maidir le trasnú neamhrialta dainséarach a laghdú agus beatha daoine a shábháil sa Mhuir Aeigéach. In 2021,

---

[1] Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24.11.2015 maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú trí shásra comhordúcháin — an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, arna leasú le Cinneadh C(2016)855 an 10.2.2016 ón gCoimisiún.

[2] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/sites/near/files/170302_facility_for_refugees_in_turkey_first_annual_report.pdf

[3] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/enlargement-policy/negotiations-status/turkey/eu-facility-refugees-turkey_en

[4] https://en.goc.gov.tr/temporary-protection27

[5] https://en.goc.gov.tr/irregular-migration

[6] Sainghné de chóras tearmainn na Tuirce, baineann sí le Prótacal Nua-Eabhrac 1967 de Choinbhinsiún na Ginéive 1951 a bheith sínithe ag an tír faoi réir forchoimeádais. Dá réir sin, i gcás fhormhór mór na ndídeanaithe sa Tuirc, ní ar stádas dídeanaí lánfheidhme is féidir leo iarratas a dhéanamh ach ar stádas 'Dídeanaí Choinníollaigh' amháin, stádas lena gcuirtear teorainn, má dheonaítear é, leis an tréimhse fanachta sa tír go dtí an nóiméad a dhéantar dídeanaí aitheanta a 'athlonnú chuig tríú tír'.

[7] http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/03/18-eu-turkey-statement/

áfach, tháinig méadú ar líon na n-imirceach neamhrialta ar fhormhór na mbealaí i gcomparáid le 2020; bhí 11 865 sa bhreis nó méadú 92 % sa Chipir, 12 916 sa bhreis nó méadú níos mó ná 200 % san Iodáil, agus 936 sa bhreis nó méadú níos mó ná 300 % sa Bhulgáir. Mar sin féin, bhí laghdú go dtí 7 443 ar líon na n-imirceach chun na Gréige, ar laghdú 47 % é. Na méaduithe a bhí ann in 2021, d'fhéadfadh gurbh é ba chúis leo deireadh na mbeart a ghlac tíortha sa réigiún in 2020 chun an phaindéim a shrianadh. Thairis sin, cé gur cuireadh tús le hathlonnú dídeanaithe chuig Ballstáit an Aontais arís tar éis sos gairid mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá an Tuirc ag cloí go fóill leis an bhfionraí ar fhilleadh dídeanaithe ó oileáin na Gréige, a forchuireadh i mí an Mhárta 2020.

Le linn a cruinnithe i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2021, mheabhraigh an Chomhairle Eorpach leas straitéiseach an Aontais maidir le réigiún na Meánmhara Thoir a bheith ina thimpeallacht chobhsaí shlán agus maidir le caidreamh comhoibritheach a fhorbairt leis an Tuirc, a bheadh chun tairbhe an dá thaobh.[8]. Thairg ceannairí an Aontais dinimic níos dearfaí a chothú sa chaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc. Chuige sin, chuir siad in iúl go raibh siad réidh le plé leis an Tuirc ar bhealach céimnithe comhréireach inaisiompaithe i roinnt réimsí leasa choitinn, an imirce san áireamh. Reáchtáladh Idirphlé Ardleibhéil maidir leis an imirce agus an tslándáil idir an tAontas agus an Tuirc in Ankara i mí Dheireadh Fómhair 2021.

I mí an Mheithimh 2021 d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí foirmiúla a chur chun tosaigh gan mhoill maidir le leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil le haghaidh dídeanaithe ón tSiria agus le haghaidh pobail óstacha sa Tuirc, san Iordáin, sa Liobáin agus in áiteanna eile sa réigiún, i gcomhréir leis an ráiteas a rinne Comhaltaí na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2021 agus i gcomhthéacs bheartas imirce foriomlán an Aontais. Shlóg an Coimisiún EUR 3 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh 2021-2023. Shlóg sé EUR 860 milliún ag deireadh 2021 chun tacaíocht a sholáthar sna réimsí bunriachtanas, oideachais agus bainistithe imirce. Mar is amhlaidh i gcás an dara tráinse den tSaoráid, le clársceidealú an phacáiste EUR 3 bhilliún le haghaidh 2021-2023, ba cheart fós an t-aistriú ó thacaíocht dhaonnúil go cúnamh forbraíochta a léiriú.

1.2.Freagairt an Aontais ar an ngéarchéim agus bunú na Saoráide

In 2015, chinn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dlús a chur lena rannpháirtíocht pholaitiúil agus airgeadais chun tacú leis an Tuirc maidir lena hiarrachtaí i dtaca le dídeanaithe a óstáil. Mar fhreagra ar an iarraidh ó Bhallstáit an Aontais ar chistiú breise mór chun tacú le dídeanaithe sa Tuirc, bhunaigh an Coimisiún an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc trí bhíthin an Chinnidh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015, arna leasú an 10 Feabhra 2016[9], agus arís an 14 Márta agus an 24 Iúil 2018. Is sásra í an tSaoráid chun slógadh na n-acmhainní a chomhordú, a chuirtear ar fáil faoi bhuiséad an Aontais agus faoi ranníocaíochtaí breise ó na Ballstáit, agus iad comhtháthaithe i mbuiséad an Aontais mar ioncam sannta seachtrach. Rinne na Ballstáit gealltanas polaitiúil chun ranníocaíochtaí náisiúnta a sholáthar faoi chuimsiú na Comhthuisceana idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach, a ghlac ionadaithe rialtais na mBallstát an 3 Feabhra 2016 agus a

[8] https://www.consilium.europa.eu/media/50763/2425-06-21-euco-conclusions-en.pdf

[9] Cinneadh C(2016) 60/03 ón gCoimisiún an 10.2.2016 maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc lena leasaítear Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015.

nuashonraíodh tráth an chomhaontaithe maidir leis an dara tráinse den tSaoráid[10]. Bunaíodh creat coinníollachta leis an gComhthuiscint freisin. Leithdháileadh EUR 3 bhilliún san iomlán ar an gcéad tráinse den tSaoráid (2016-2017). Cuireadh an EUR 3 bhilliún ar fáil sa bhreis ar an EUR 345 mhilliún[11] a leithdháil an Coimisiún ar an Tuirc cheana mar fhreagairt ar ghéarchéim dhídeanaithe na Siria sular cuireadh tús leis an tSaoráid, agus sa bhreis ar chúnamh déthaobhach na mBallstát. Cuireadh EUR 3 bhilliún sa bhreis ar fáil le haghaidh an dara tráinse den tSaoráid (2018-2019), rud a d'fhág gurbh é EUR 6 bhilliún san iomlán a bhí inti. Cuireadh an tSaoráid i bhfeidhm an 17 Feabhra 2016 nuair a reáchtáladh an chéad chruinniú de Choiste Stiúrtha na Saoráide. Tar éis an chruinnithe sin, níorbh fhada gur chuir an Coimisiún na chéad tionscadail faoin tSaoráid amach ar conradh. Faoin 31 Nollaig 2020, bhí an Coimisiún tar éis imchlúdach oibríochtúil iomlán na Saoráide a chur amach ar conradh. Go dtí seo, tá EUR 4.6 billiún íoctha amach as iomlán EUR 6 bhilliún.

An 18 Márta 2016, d'athdhearbhaigh Cinn Stáit agus Rialtais an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce a ngealltanas maidir leis an bPlean Comhpháirteach Gníomhaíochta a chur chun feidhme agus chomhaontaigh siad bearta breise lena ndírítear ar an gcaidreamh idir an Tuirc agus an tAontas a dhoimhniú agus ar aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim imirce. D'aithin an Tuirc agus an tAontas Eorpach go raibh gá le tuilleadh iarrachtaí gasta diongbháilte. Go sonrach, leis an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 18 Márta 2016[12] (dá ngairtear 'an Ráiteas' anseo feasta), iarradh *inter alia* go gcuirfí deireadh leis an imirce neamhrialta ón Tuirc go dtí an tAontas trí shamhail ghnó na smuigléirí daoine a bhriseadh agus trí rogha eile a thabhairt d'imircigh seachas a mbeatha a chur i mbaol, agus go gcuirfí dlús le cur chun feidhme na Saoráide. Ba é 21 295 líon iomlán na n-imirceach a tháinig ón Tuirc go dtí an Ghréig, an Iodáil agus an Bhulgáir in 2021 i gcomparáid le 18 402 in 2020 (méadú 16 %). Taifeadadh 7 443 imirceach chun na Gréige i gcomparáid le 13 979 in 2020 (laghdú 47 %); tháinig 12 916 imirceach chun na hIodáile i gcomparáid le 4 191 in 2020 (méadú níos mó ná 200 %) agus tháinig 936 imirceach chun na Bulgáire i gcomparáid le 232 in 2020 (méadú breis agus 300 %). Bhí an bealach imirce ón Tuirc go dtí an Chipir an-ghníomhach i gcónaí. In 2021, ba é 11 685 líon iomlán na n-imirceach neamhrialta a tháinig chuig limistéir faoi rialú rialtas na Cipire (10 918 díobh tar éis dóibh an Líne Ghlas a thrasnú ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais), rud a bhí ina mhéadú 92 % i gcomparáid le 2020.

Leanadh den bhrú mór imirce a raibh ar an Tuirc aghaidh a thabhairt air, brú ar tháinig méadú air arís in 2021 tar éis ísliú in 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Ó bhí mí an Mhárta 2021 ann, is airde an líon imirceach a ghabhtar laistigh den Tuirc in aghaidh na míosa ná an líon a gabhadh le linn na dtréimhsí tuairiscithe ábhartha in 2020. Leanadh den scéim athlonnaithe 'duine in aghaidh an duine' a chur chun feidhme faoin Ráiteas. Idir mí Aibreáin 2016 agus mí Feabhra 2022, rinneadh 32 562 imirceach ón tSiria a athlonnú ón Tuirc go dtí an tAontas. Ó bhí 2016 ann, faoin Ráiteas, tá 2 140 imirceach fillte ó oileáin na Gréige go dtí an Tuirc. Ós rud é nach ndearna údaráis na Tuirce a gcinneadh ó mhí an Mhárta 2020 a

[10] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11329-2018-INIT/en/pdf

[11] Cistiú a slógadh le linn na mblianta 2013-2015 faoi ionstraimí maoinithe sheachtraigh, eadhon an Ionstraim um Chabhair Dhaonnúil (HUMA), an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus Síocháin (IcSP), lena n-áirítear roinnt gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria (EUTF).

[12] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/03/18/eu-turkey-statement/

chúlghairm chun oibríochtaí um fhilleadh faoin Ráiteas a chur ar fionraí de bharr phaindéim COVID-19, níorbh ann d'oibríochtaí um fhilleadh in 2021. Cé gur cuireadh tús le hathlonnú imirceach arís ó mhí Iúil 2020, bhí filleadh imirceach ón nGréig ar fionraí fós. Agus an Tuirc ag freagairt d'iarrataí a fuair sí arís is arís eile ó údaráis na Gréige agus ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na hoibríochtaí um fhilleadh a atosú, dúirt sí nach mbeadh aon oibríocht um fhilleadh ann mura gcuirfí stop leis an mbrú siar líomhnaithe ar feadh theorainn na Tuirce agus na Gréige agus mura ndéanfadh an Ghréig a cinneadh maidir leis an Tuirc a mheas mar Thríú Tír Shábháilte a chúlghairm[13].

Maidir leis an Scéim Shaorálach don Ligean Isteach Daonnúil, a bhfuil coinne lena gníomhachtú a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an trasnú neamhrialta idir an Tuirc agus an tAontas nó a luaithe a bheidh sé laghdaithe go mór agus go hinbhuanaithe ar a laghad, níl an scéim sin gníomhachtaithe ag na Ballstáit go fóill.

[13] De réir Cinneadh Aireachta nua de chuid na Gréige, measfar an Tuirc a bheith ina Tríú Tír Shábháilte le haghaidh iarratasóirí tearmainn ón bPacastáin, ón mBanglaidéis, ón tSiria, ón Afganastáin agus ón tSomáil. Dá bhrí sin, féadfar iarratais ó na náisiúntachtaí thuasluaite a mheas mar iarratais neamh-inghlactha ar an mbonn sin, agus cuirfear iarratasóirí ar ais chuig an Tuirc, áit ina meastar go bhfuil siad sábháilte agus ina mbeidh sé d'fhéidearthacht acu stádas dídeanaí a iarraidh.

COVID-19

Tá tionchar nach beag á imirt ag paindéim COVID-19 fós ar an Tuirc. Nuair a bhris an ghéarchéim sa Tuirc amach i mí an Mhárta 2020, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le húdaráis na Tuirce chun a fhiosrú cé acu a bhí nó nach raibh gá le haon tacaíocht shonrach ón Aontas le haghaidh a bhfreagartha. Dheimhnigh siad go raibh ar intinn acu leanúint de na tionscadail faoin tSaoráid agus den Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) dhéthaobhach tráthrialta, mar a clársceidealadh i dtosach. I ndlúthchomhar le húdaráis na Tuirce, thoiligh an Coimisiún le slógadh coigiltis ón tSaoráid chun críoch a bhain le COVID-19 i bhfoirm breisithe le haghaidh tionscadail a bhí ann cheana seachas le haghaidh tionscadail nua. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil freisin le comhpháirtithe cur chun feidhme na Saoráide chun a measúnú siúd a fháil ar dhrochthorthaí COVID-19 maidir le tionscadail na Saoráide. Tar éis an chomhairliúcháin sin, cuireadh síneadh go dtí mí an Mheithimh 2025 leis an tréimhse cur chun feidhme i gcás tionscadail faoi Bheart Speisialta EUR 1.6 billiún 2016, agus fágann sin gur cheart gurbh fhéidir cuspóirí sonraithe na dtionscadal uile lena mbaineann a bhaint amach.

Faoi dheireadh 2021, bhí thart ar EUR 83 mhilliún atreoraithe chuig idirghabhálacha cúraim sláinte agus chuig bearta tacaíochta socheacnamaíocha faoin tSaoráid do Dhídeanaithe chun tionchar COVID-19 a mhaolú (as iomlán EUR 133 mhilliún d'idirghabhálacha arna n-atreorú ag an Aontas faoi ionstraimí airgeadais uile an Aontais). Áiríodh leis na gníomhaíochtaí cúlchiste teagmhasach EUR 4.7 milliún i dtaca le tionscadal SIHHAT I a ghníomhachtú chun trealamh cosanta agus díghalráin a sholáthar d'Ionaid Sláinte d'Imircigh. Ina theannta sin, faoi chéim dhaonnúil na Saoráide, athleithdháileadh os cionn EUR 63 mhilliún chun freagairt dhaonnúil a sholáthar tar éis COVID-19 i raon tionscadal trí chéile. Leis an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála (ESSN) agus leis an Aistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais (CCTE) go háirithe, cuireadh tacaíocht bhreise airgid ar fáil dá dtairbhithe. Faoi ESSN, soláthraíodh dhá bhreisiú, agus gach ceann díobh ar luach 500 lira na Tuirce, i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020 do níos mó ná 1.75 milliún dídeanaí aonair (308 000 teaghlach), ar luach breis is EUR 40 milliún san iomlán. Faoin tionscadal CCTE, soláthraíodh breisiú 85 lira na Tuirce do gach tairbhí a bhí incháilithe do CCTE, gan beann ar aois agus ar ghrád, mar íocaíocht aonuaire an 30 Samhain 2020. Bhain 518 794 leanbh san iomlán tairbhe as an airgead breise sin. Ina theannta sin, soláthraíodh cúnamh airgid do thart ar 88 779 dteaghlach (414 459 nduine aonair), ar theaghlaigh iad nach bhfuair airgead faoi ESSN, trí oibríocht ar fud na tíre arna cur chun feidhme ag UNHCR i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóireacht um Bainistiú Imirce, agus ranníocaíocht EUR 16.7 milliún san áireamh ó chistiú daonnúil lasmuigh den tSaoráid. Faoi Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria, díríodh le cúnamh COVID-19 ar threalamh cosanta pearsanta a sholáthar, ar fhoghlaim ar líne agus cianfhoghlaim, ar shocrúcháin fostaíochta agus ar thacaíocht shíceasóisialta.

2. Feidhmiú na Saoráide

Is sásra comhordúcháin í an tSaoráid lenar féidir cúnamh ón Aontas a shlógadh le haghaidh dídeanaithe sa Tuirc go mear éifeachtach éifeachtúil. Áirithítear leis an tSaoráid slógadh optamach ionstraimí maoinithe an Aontais atá ann cheana, mar chúnamh daonnúil agus/nó forbraíochta, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndídeanaithe agus na bpobal óstach ar bhealach cuimsitheach comhordaithe[14].

Soláthraíonn Coiste Stiúrtha na Saoráide treoir straitéiseach maidir leis na tosaíochtaí, na cineálacha gníomhaíochtaí a dtacófar leo, na méideanna a bheidh le hathdháileadh agus na hionstraimí maoinithe a bheidh le slógadh agus – i gcás inarb iomchuí – maidir leis na coinníollacha a bhaineann le cur chun feidhme ghealltanais na Tuirce faoin bPlean Gníomhaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc an 29 Samhain 2015 (an 'Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta' anseo feasta)[15]. In 2021, an séú bliain de chur chun feidhme na Saoráide, tionóladh dhá chruinniú den Choiste Stiúrtha, an 30 Meitheamh 2021 agus an 17 Nollaig 2021. Cruinnithe fíorúla a bhí sna cruinnithe sin mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Is iad na príomhphrionsabail lena dtreoraítear cur chun feidhme na Saoráide an luas, an éifeachtúlacht agus an éifeachtacht, agus bainistíocht fhónta airgeadais á háirithiú san am céanna. Is tábhachtach freisin inbhuanaitheacht idirghabhálacha na Saoráide agus comhúinéireacht údaráis na Tuirce. Maidir le sainaithint na réimsí tosaíochta le haghaidh cúnaimh, bhí sin bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach neamhspleách ar riachtanais[16], agus aird ar leith á díriú ar ghrúpaí leochaileacha. Rinneadh an measúnú ar riachtanais a thabhairt cothrom le dáta in 2018[17].

Bíonn maoiniú ó na hionstraimí maoinithe sheachtraigh seo a leanas á chomhordú ag an tSaoráid[18]: cabhair dhaonnúil[19], an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta[20], an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt[21], an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais[22], agus an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin[23]. Na bearta a mhaoinítear le buiséad an Aontais, cuirtear chun feidhme iad i gcomhréir lena rialacha agus lena rialacháin airgeadais is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach araon.

Coinníoll de chur chun feidhme an chúnaimh is ea cloí docht na Tuirce leis na gealltanais sa Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta agus sa Ráiteas.

---

[14] Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24.11.2015, Airteagal 2 – Cuspóirí na Saoráide.
[15] Féach Airteagal 5 (1) de Chinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún, arna leasú le Cinneadh C(2016)855 ón gCoimisiún.
[16] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/sites/near/files/2016_needs_assessment_.pdf
[17] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/sites/near/files/updated_needs_assessment.pdf
[18] Aistríodh ranníocaíochtaí na hIonstraime Eorpaí Comharsanachta agus na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF) chuig an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus chuig Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh, faoi seach, agus ba fúthu sin a cuireadh na ranníocaíochtaí chun feidhme. I bprionsabal, i gcás na ranníocaíochtaí Saoráide uile le EUTF (ó IPA agus ar bhonn níos lú, ó ICF), cuireadh chun feidhme iad mar chabhair neamhdhaonnúil.
[19] Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle maidir le cabhair dhaonnúil, IO L 163, 2.7.1996, lch. 1.
[20] Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta, IO L 77, 15.3.2014, lch. 27.
[21] Rialachán (AE) Uimh. 233/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt, IO L 77, 15.3.2014, lch. 44.
[22] Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, IO L 77, 15.3.2014, lch. 11.
[23] Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin (IO L 77, 15.3.2014, lch. 1).

3. Acmhainneacht airgeadais, tréimhse ama agus cineál an chistithe

Is é EUR 6 bhilliún an buiséad iomlán a bhíonn á chomhordú ag an tSaoráid, agus é slógtha ina dhá thráinse. Beidh na tionscadail faoin gcéad tráinse agus faoin dara tráinse ag rith go dtí lár 2025 ar a dhéanaí (an-chuid tionscadal de chuid an chéad tráinse, tá siad tugtha chun críche cheana agus tabharfar formhór na dtionscadal chun críche níos luaithe).

Go heisceachtúil, de thoradh phaindéim COVID-19, cuireadh síneadh go dtí mí an Mheithimh 2025 leis an tréimhse cur chun feidhme i gcás tionscadail faoi Bheart Speisialta EUR 1.6 billiún 2016, agus fágann sin gur féidir cuspóirí sonraithe na dtionscadal uile lena mbaineann a bhaint amach.

EUR 3 bhilliún a bhí sa chéad tráinse, ar slógadh EUR 1 bhilliún de as buiséad an Aontais agus EUR 2 bhilliún de i bhfoirm ranníocaíochtaí déthaobhacha ó na Ballstáit[24]. Ar an gcaoi chéanna, EUR 3 bhilliún a bhí sa dara tráinse, ar soláthraíodh EUR 2 mhilliún de ó bhuiséad an Aontais agus EUR 1 bhilliún de ó na Ballstáit[25].

A mhéid a bhaineann le hacmhainní buiséid an Aontais, as an EUR 1 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh na tréimhse 2016-2017, rinneadh EUR 250 milliún a shlógadh in 2016 agus EUR 750 milliún in 2017. As an EUR 2 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh na tréimhse 2018-2019, rinneadh EUR 550 milliún a shlógadh in 2018 agus slógadh an t-iarmhéid in 2019.

Maidir le ranníocaíochtaí na mBallstát, le haghaidh an chéad tráinse, ranníoc na Ballstáit EUR 677 milliún leis an tSaoráid in 2016, EUR 847 milliún in 2017, EUR 396 mhilliún in 2018 agus EUR 80 milliún in 2019. Le haghaidh an dara tráinse, ranníoc na Ballstáit EUR 68 milliún in 2018, EUR 202 mhilliún in 2019, EUR 265 mhilliún in 2020, agus EUR 166 mhilliún in 2021, agus tá sé pleanáilte na híocaíochtaí atá fágtha a dhéanamh go dtí 2023. Déantar ranníocaíochtaí na mBallstát go díreach le Buiséad an Aontais i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh de bhun Airteagal 21(2)(a)(ii) den Rialachán Airgeadais agus sanntar iad do línte buiséid na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais agus na Cabhrach Daonnúla.

Tá meaitseáil shásúil ann fós idir ráta íoca ranníocaíochtaí na mBallstát *isteach* sa tSaoráid agus ráta na n-eisíocaíochtaí a bhíonn á maoiniú ag na ranníocaíochtaí sin *ón* tSaoráid.

Faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, cuireadh EUR 19.50 milliún i leataobh mar acmhainneacht mhaolánach le haghaidh cistiú féideartha mar fhreagairt ar an bplódú dídeanaithe nua ón tSiria in 2019. Ós rud é nár úsáideadh an maolán in 2019, rinneadh conradh maidir leis an méid sin in 2020 chun gníomhaíochtaí sláinte agus cosanta a chumhdach, agus leis sin tugadh an cleachtadh clársceidealaithe le haghaidh an dara tráinse chun críche.

Faoin 31 Nollaig 2021, bhí an Coimisiún tar éis conradh a dhéanamh maidir le himchlúdach oibríochtúil iomlán na Saoráide. Bhí níos mó ná EUR 4.6 billiún eisíoctha as iomlán EUR 6 mhilliún.

[24] Tá dáileadh iomlán ranníocaíocht na mBallstát le fáil ag http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/02/03/refugee-facility-for-turkey/.

[25] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2018/06/29/facility-for-refugees-in-turkey-member-states-agree-details-of-additional-funding/

Cúnamh breise ón Aontas do dhídeanaithe sa Tuirc, lasmuigh de chreat na Saoráide

In 2020, leithdháil an Coimisiún EUR 535 mhilliún chun tacú le gníomhaíochtaí daonnúla sa Tuirc lasmuigh de chreat na Saoráide. Áiríodh sa mhéid sin EUR 50 milliún chun leanúint den chúnamh sna réimsí cosanta, sláinte agus oideachais, agus EUR 485 mhilliún faoi Bhuiséad Leasaitheach chun leanúint den Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála agus de na cláir um Aistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais. Ina theannta sin, in 2020, faoin Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin, glacadh clár ar luach EUR 11 mhilliún i gcomhpháirtíocht leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun rannchuidiú le comhchuibhiú imirceach a bhfuil stádas dlíthiúil éagsúil acu i gcomhréir le cuir chuige an Aontais agus le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na Tuirce maidir le Comhchuibhiú.


Mar thoradh ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2021, mhol an Coimisiún EUR 3 bhilliún sa bhreis a shlógadh le haghaidh dídeanaithe agus pobail óstacha sa Tuirc i gcomhair na tréimhse 2021-2023. Gealladh an chéad EUR 860 milliún den chistiú sin ag deireadh 2021 chun leanúint den tacaíocht i réimsí tosaíochta na mbunriachtanas agus an oideachais, chomh maith leis an mbainistiú imirce agus an rialú teorann. Tugadh anonn go dtí 2022 EUR 90 milliún faoi leithdháileadh 2021 faoi IPA agus EUR 50 milliún faoi leithdháileadh ionstraimí HOME 2021. Ina theannta sin, leithdháileadh EUR 125 mhilliún i dtacaíocht dhaonnúil le haghaidh 2022. Tá iarmhéid thart ar EUR 2 bhilliún le clársceidealú in 2022 agus in 2023.

Ó bhí 2011 ann, tá cúnamh Aontais ar luach iomlán beagnach EUR 10 mbilliún leithdháilte ar dhídeanaithe sa Tuirc. Áirítear leis sin EUR 6 bhilliún faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, ar a n-áirítear EUR 3 bhilliún ó bhuiséad an Aontais agus EUR 3 bhilliún i ranníocaíochtaí ó na

4. Cur chun feidhme na Saoráide

Cuirtear an tSaoráid chun feidhme mar chúnamh daonnúil agus forbraíochta. Faoin gcéad tráinse, rinneadh thart ar EUR 1.4 billiún agus EUR 1.6 billiún a leithdháileadh ar na snáitheanna, faoi seach. I bhfianaise a fhadtréimhsí atá géarchéim na Siria, díríonn na hidirghabhálacha faoin dara tráinse níos mó agus níos mó ar ghníomhaíochtaí tacaíochta socheacnamaíocha agus ar dheiseanna slí beatha a chruthú. Faoin dara tráinse, leithdháileadh EUR 1.04 billiún ar chúnamh daonnúil, agus EUR 1.9 billiún ar chúnamh forbraíochta[26].

Maidir leis an tSaoráid ar an iomlán, déantar an cúnamh daonnúil agus an cúnamh forbraíochta a mhiondealú mar seo a leanas:



Is féidir sonraí iomlána a fháil ón tábla tionscadal ar líne[27].

Tugadh clársceidealú na Saoráide chun críche i mí na Nollag 2019, agus faoi dheireadh 2020 bhí conradh déanta maidir leis an imchlúdach oibríochtúil iomlán de EUR 6 bhilliún, agus bhí EUR 4.6 billiún den mhéid sin eisíoctha faoi dheireadh 2021.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur ar thionscadail atá an cúnamh a sholáthraítear faoi chuimsiú na Saoráide bunaithe. Braitheann na heisíocaíochtaí ar an dul chun cinn maidir le hidirghabhálacha na Saoráide a chur chun feidhme.

Dírítear aird ar leith ar dhídeanaithe agus iarratasóirí tearmainn nach as an tSiria dóibh. Is é is aidhm d'idirghabhálacha na Saoráide i gcónaí rannpháirtíocht na bpobal áitiúil a lorg, a mbíonn dídeanaithe á n-óstáil acu.

Tacaíonn an **cúnamh daonnúil** leis na dídeanaithe is leochailí trí thacaíocht dhíniteach a sholáthar lena dtugtar aghaidh ar bhunriachtanais agus ar chosaint. Tugtar aghaidh leis freisin ar bhearnaí sa soláthar seirbhísí trí ghníomhaireachtaí agus comhpháirtithe speisialaithe sna réimsí sláinte agus oideachais in éigeandálaí. Bíonn cabhair dhaonnúil an Aontais á treorú ag an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil 2007[28], ina leagtar síos gur cheart don Aontas, mar ghníomhaí daonnúil, cloí le prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar a leagtar amach iad in

[26] An t-iarmhéid de EUR 60 milliún, leithdháiltear é ar thacaíocht riaracháin agus oibríochtúil do chur chun feidhme na Saoráide.
[27] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/system/files/2022-02/Facility%20table_January%202022.pdf
[28] Comhráiteas ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát.

Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus sa Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil (Uimh. 1257/96) (Uimh. 1257/96)[29,30].

Faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, cuireadh 65 thionscadal san iomlán chun feidhme trí 21 chomhpháirtí faoin gcéad tráinse agus faoin dara tráinse araon. Is é is aidhm do na tionscadail sin freastal ar an bhfreagairt ar bhunriachtanais, cosaint, oideachas agus sláinte le haghaidh na ndídeanaithe is leochailí sa Tuirc. Faoin gcéad tráinse, rinneadh thart ar EUR 1.4 billiún i gcúnamh daonnúil a leithdháileadh agus a chur amach ar conradh agus eisíocadh EUR 1.3 billiún, agus faoin dara tráinse, cuireadh EUR 1.04 billiún amach ar conradh agus faoin 31 Eanáir 2021, bhí EUR 964 mhilliún eisíoctha.

Tacaíonn an **cúnamh forbraíochta** leis na riachtanais fhadtéarmacha i réimsí shláinte, oideachas agus fhorbairt shocheacnamaíoch na ndídeanaithe, go háirithe i dtéarmaí rochtain ar sheirbhísí poiblí agus deiseanna slí beatha, chomh maith le bonneagar bardasach. Dírítear leis freisin ar ghrúpaí leochaileacha agus cuimsítear gné inscne ina idirghabhálacha, e.g. cosaint na mban agus na gcailíní ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus an rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe a fheabhsú.

Faoi shnáithe forbraíochta na Saoráide, leanadh den dul chun cinn maith i dtaca le 26 thionscadal a ndearnadh conradh maidir leo faoin gcéad tráinse. As measc na dtionscadal sin, cuireadh 15 díobh chun feidhme faoi Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria (EUTF) ar mhéid iomlán EUR 293 mhilliún, sa bhreis ar an leithdháileadh a bhainistítear go díreach tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais[31].

Rinneadh EUR 2.22 billiún a eisíoc le comhpháirtithe cur chun feidhme as an iomlán de EUR 3.5 billiún a leithdháileadh ar chúnamh forbraíochta faoin dá thráinse den tSaoráid[32]. Faoin dara tráinse, an EUR 1.9 billiún a leithdháileadh, bhí sé curtha amach ar conradh go hiomlán faoi mhí na Nollag 2020, agus bhí EUR 730 milliún de eisíoctha faoi dheireadh mhí na Nollag 2021. Tá 17 gconradh faoi shnáithe forbraíochta na Saoráide.

[29] Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil.

[30] Tá cabhair dhaonnúil an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar Phleananna Cur Chun Feidhme Daonnúla tírshonracha ar bhonn bliantúil. An creat maidir le comhar idir an Coimisiún agus a chomhpháirtithe i réimse na cabhrach daonnúla, bunaítear é le Creat-Chomhaontuithe Airgeadais agus Riaracháin an Choimisiúin le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus lena Chreat-Chomhaontuithe Comhpháirtíochta le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

[31] Déantar cistí ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais faoin tSaoráid a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le gníomhaíocht sheachtrach atá i dTeideal IV de chuid a dó den Rialachán Airgeadais agus ina Rialacha Cur i bhFeidhm.

[32] Áirítear san fhigiúr sin freisin eisíocaíochtaí faoi thionscadail a chuir Ciste Iontaobhais Réigiúnaigh an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria chun feidhme, ar eisíocaíochtaí iad nár gearradh ar chuntas an Aontais go fóill.

Idirghabhálacha Saoráide de réir réimse tosaíochta

Sna Tuarascálacha Faireacháin leathbhliantúla ar an tSaoráid, tugtar tuairisc ar dhul chun cinn de réir réimse tosaíochta maidir le cur chun feidhme an chúnaimh arna mhaoiniú faoi dhá thráinse na Saoráide[33]:

Oideachas

Tá an tSaoráid tar éis breis agus EUR 1.5 billiún a leithdháileadh ar réimse tosaíochta an oideachais, lena n-áirítear EUR 545 mhilliún[34] le haghaidh bonneagar oideachais.

Ina theannta sin, faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, rinneadh breis agus EUR 181 mhilliún a leithdháileadh ar an oideachas. Tá ag éirí fós le cur chun feidhme an chláir um Aistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais (CCTE), clár a thacaíonn le rollú scoile agus le freastal scoile dídeanaithe linbh trí íocaíochtaí a sholáthar do theaghlaigh dídeanaithe gach dara mí, ar choinníoll go bhfreastalaíonn daltaí ar an scoil go rialta. Tá an clár CCTE á mhaoiniú faoi láthair go dtí mí Lúnasa 2022, tar éis an bhreisithe EUR 85 mhilliún a soláthraíodh faoin mBuiséad Leasaitheach a chomhaontaigh údarás buiséadach an Aontais i mí Iúil 2020. Faoi mhí na Nollag 2021, bhí 760 858 leanbh tar éis tairbhe a bhaint as íocaíocht CCTE amháin ar a laghad. Ina theannta sin, bhain leanaí tairbhe as seirbhísí cosanta leanaí lenar áirithíodh gur lean siad de rollú sa scoil agus de fhreastal ar an scoil, ghlac 11 567 leanbh páirt i ngníomhaíochtaí maidir le scileanna sochmhothúchánacha agus comhtháthú sóisialta, agus ghlac 351 bhall foirne scoile agus 849 dtuismitheoir páirt in oiliúint frithbhulaíochta ó UNICEF.

Maidir le cúnamh forbraíochta na Saoráide, leanadh de dheontas díreach leantach de EUR 400 milliún (ar a dtugtar PIKTES[35]) a chur chun feidhme d'Aireacht an Oideachais Náisiúnta (MoNE). Tacaíonn PIKTES le hiarrachtaí na hAireachta an lánpháirtiú agus an rochtain ar oideachas ardcháilíochta le haghaidh leanaí ón tSiria a mhéadú. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2021, bhí díreach os cionn 701 000 leanbh ón tSiria cláraithe san oideachas foirmiúil. Ina measc siúd, bhí níos mó ná 30 000 sa réamhbhunscoil, níos mó ná 322 000 sa bhunscoil, 251 323 sa mheánscoil íochtarach agus 96 361 sa mheánscoil uachtarach. Faoi lár 2021, bhí oiliúint chúitimh faighte ag 46 766 dhídeanaí linbh agus bhí oiliúint chúltaca faighte ag 60,472 dhídeanaí linbh le tacaíocht ón tSaoráid. I dtéarmaí tacaíocht d'acmhainneacht teagaisc an chórais oideachais, rinneadh beagnach 7 000 ball foirne teagaisc agus ball foirne tacaíochta a fhostú nó a íoc trí PIKTES idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2021. Sa chéad leath de 2021, chuir PIKTES oiliúint ar 3 500 múinteoir i dteagasc ar líne agus in ullmhú ábhar digiteach oideachais.

Tháinig méadú 3 700 go dtí beagnach 13 300 ar líon na ndídeanaithe mic léinn agus na mac léinn ó phobail óstacha a fuair scoláireachtaí le tacaíocht ón tSaoráid chun freastal ar Oiliúint agus Oideachas Teicneolaíochta agus Gairme nó ar institiúidí ardoideachais. Ba dhídeanaithe iad formhór na mac léinn sin. Coinníodh an chothromaíocht inscne ar bun. Leis an gcuid is mó de na scoláireachtaí (thart ar 12 000), tugadh deis do dhaltaí meánscoile freastal ar chúrsaí

[33] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/enlargement-policy/negotiations-status/turkey/eu-facility-refugees-turkey_en

[34] Áirítear leis sin tionscadal fuinnimh ghlain ar luach EUR 40 milliún faoi EUTF (FRIT 1).

[35] Lánpháirtiú Leanaí ón tSiria sa Chóras Oideachais a Chur Chun Cinn (PIKTES)

teicniúla agus gairmiúla in Ardscoileanna Teicniúla agus Gairme agus in Ionaid Oideachais Ghairme (VECanna).

Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an tSaoráid fós chun tacú le forbairt bonneagair oideachais agus chun róphlódú i scoileanna a laghdú. Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir leis an líon saoráidí oideachais a ndearnadh iad a uasghrádú agus a thabhairt chun críche. Éacht mór ó thaobh an uasghrádaithe de ab ea 8 700 clár cliste a shuiteáil i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Go dtí seo, tá uasghrádú déanta ar os cionn 12 000 saoráid le tacaíocht ón tSaoráid. Ina theannta sin, tógadh 117 scoil san iomlán agus cuireadh tús leis an soláthar seirbhísí oideachais in 108 scoil. Is é is aidhm do thionscadal fuinnimh ghlain ar luach EUR 40 milliún, a ndearnadh conradh maidir leis faoin gcéad tráinse, fuinneamh a sholáthar trí dhá fheirm ghréine agus trí phainéil dín le haghaidh 120 scoil. Cuireadh suiteáil ar an díon i gcrích le haghaidh trí scoil agus rinneadh dul chun cinn 90 % ar an meán ar 48 scoil eile. Ina theannta sin, cuireadh tús le hoibreacha athshlánaithe chun éifeachtúlacht fuinnimh 41 scoil eile a mhéadú agus taifeadadh dul chun cinn 70 % faoi dheireadh na bliana.

Cosaint

Tá thart ar EUR 212 mhilliún san iomlán leithdháilte ar an gcosaint faoin tSaoráid, trí thionscadail faoin snáithe daonnúil den chuid is mó.

Le snáithe daonnúil na Saoráide, tacaíodh le clárú agus fíorú dídeanaithe chun a stádas sa Tuirc a thabhairt chun rialtachta agus chun rochtain ar sheirbhísí a éascú dóibh. I dteannta idirghabhálacha cosanta neamhspleácha arb é is aidhm dóibh bearnaí a líonadh agus freagairt ar riachtanais shonracha agus freastal ar dhaoine atá i mbaol, rinneadh an chosaint a phríomhshruthú i gcolúin eile de chuid na straitéise freagartha daonnúla freisin (bunriachtanais, sláinte agus oideachas). Is é an aidhm fhoriomlán aghaidh a thabhairt ar leochaileacht dídeanaithe ar bhealach níos fearr, a stádas a thabhairt chun rialtachta agus iad a nascadh le líonra níos leithne de sheirbhísí poiblí agus de sheirbhísí Náisiún Aontaithe/eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR). Ina theannta sin, i measc na dtionscadal a maoiníodh trí Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria, áiríodh cúnamh chun dídeanaithe a ghlacadh in ionaid phobail agus chun tuilleadh atreoraithe a dhéanamh chuig seirbhísí leordhóthanacha i gcás dídeanaithe leochaileacha.

Faoi Bheart Speisialta mhí Iúil 2019 a bhaineann leis an snáithe forbraíochta, rinneadh conradh ag deireadh 2020 maidir le deontas díreach don Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Seirbhísí Sóisialta ar luach EUR 20 milliún. Is é is aidhm don tionscadal feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sóisialta coisctheacha agus cosanta do na dídeanaithe is leochailí agus do na baill is leochailí den phobal óstach.

Sláinte

Tá thart ar EUR 800 milliún san iomlán leithdháilte ar réimse tosaíochta na sláinte faoin tSaoráid.

Is é príomhcholún na tacaíochta ón tSaoráid an tionscadal SIHHAT, ar deontas díreach é le hAireacht Sláinte na Tuirce (MoH), agus é ina dhá thráthchuid de EUR 300 milliún agus EUR 210 milliún. Tacaíonn SIHHAT leis an Aireacht maidir lena hiarrachtaí chun rochtain shaor chothrom ar chúram sláinte a sholáthar do 4 mhilliún dídeanaí. Tá 180 Ionad Sláinte

d’Imircigh (MHCanna) i bhfeidhm anois agus tá 4 091 phearsanra cúraim sláinte ar phárolla an tionscadail faoi láthair, arb as an tSiria do 79 % díobh. Tá luas cur chun feidhme na dtionscadal sásúil fós agus tá torthaí nithiúla á mbaint amach ar an láthair. Eisíodh an cúlchiste teagmhasach SIHHAT 1 de EUR 4.75 milliún i mí Aibreáin 2020 chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais i dtaca le COVID-19, agus leithdháileadh EUR 1.6 milliún sa bhreis faoi SIHHAT 2 chun COVID-19 a leigheas.

Tá an tionscadal leantach SIHHAT 2 (EUR 210 milliún) ar siúl fós i gcomhar le MoH ó thús 2021 chun a áirithiú go mbeidh sioncronú ann le deireadh SIHHAT 1 agus go leanfar de na seirbhísí cúraim sláinte le haghaidh dídeanaithe go dtí deireadh 2023.

Tá tionscadail tógála ospidéal in Dortyol/Hatay agus in Cillis beagnach críochnaithe, agus dul chun cinn os cionn 95 % bainte amach acu. Thairis sin, cuireadh tús i mí an Mhárta 2021 le conradh EUR 90 milliún chun bonneagar agus trealamh sláinte comhlántach ar mionscála a sholáthar faoi thionscadal i gcomhar le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa.

Is cúis imní fós í an rochtain ar sheirbhísí sláinte le haghaidh dídeanaithe atá lasmuigh dá gcúige clárúcháin bunaidh nó atá ag gluaiseacht, óir tá an rochtain sin teoranta do vacsaínithe agus do sheirbhísí éigeandála. Déanann sin difear diúltach do dhídeanaithe atá ag gluaiseacht, d’oibrithe séasúracha agus do dhídeanaithe a lonnaigh i gcúigí eile. Cloíonn an Coimisiún go dlúth leis na hathruithe beartais agus tá sé mar aidhm aige teagmháil a dhéanamh leis an bpobal dídeanaithe a ndéanann an méid sin difear dóibh trí ghníomhaíochtaí cúraim sláinte soghluaiste faoin tionscadal SIHHAT.

Bonneagar bardasach

Rinneadh thart ar EUR 380 milliún san iomlán a leithdháileadh ar an réimse tosaíochta sin faoin dara tráinse den tSaoráid.

Is é is aidhm do na tionscadail i gcomhar le Agence Française de Développement (AFD), leis an mBanc Domhanda, leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus le Illbank faoi EUTF feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí bardasacha agus ar cháilíocht na seirbhísí sin i réimsí an tsoláthair uisce, an fhuíolluisce agus an bhainistithe dramhaíola soladaí sna limistéir is mó a bhfuil an plódú dídeanaithe ag déanamh difear dóibh. Ina theannta sin, tá bonneagar áineasa á sholáthar le tionscadal ar luach EUR 25 mhilliún i gcomhar le Kreditanstalt für Wiederaufbau (KfW) chun tacú le comhtháthú sóisialta. I mí Dheireadh Fómhair 2021, críochnaíodh tógáil saoráide meicniúla um chóireáil dramhaíola bitheolaíche in Gaziantep faoi thionscadal EUTF a cuireadh chun feidhme faoi Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP). Faoin gcomhaontú tarmligin a síníodh le BEI, rinneadh 15 chonradh oibreacha a shíniú agus a sheoladh le linn 2021 ar luach iomlán EUR 42.4 milliún. Tá gach tionscadal eile fós ag an leibhéal ullmhúcháin (athbhreithniú ar dhearadh, ullmhú doiciméad tairisceana, etc.)

Bunriachtanais agus tacaíocht shocheacnamaíoch

Leithdháileadh breis agus EUR 2.83 billiún ar bhunriachtanais agus ar thacaíocht shocheacnamaíoch faoin tSaoráid.

Is é is aidhm d’idirghabhálacha sa réimse tosaíochta sin a áirithiú go gcomhlíonfar bunriachtanais na ndídeanaithe is leochailí, agus go neartófar teacht aniar agus féintuilleamaí na ndídeanaithe. Ba cheart dó sin aistriú de réir a chéile a chumasú ón spleáchas ar chúnamh sóisialta go dtí féintuilleamaí méadaithe agus deiseanna méadaithe slí beatha.

Faoi chúnamh na Saoráide maidir le bunriachtanais, tá tacaíocht faighte ag níos mó ná 2.6 milliún dídeanaí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh maireachtáil faoi dhínit. An chuid is mó den tacaíocht, tá sí á cur ar fáil tríd an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála (ESSN) ó bhí deireadh 2016 ann, líontán ar clár cúnaimh shóisialta dhaonnúil é lena seachadtar airgead tirim míosúil trí chóras cárta dochair, le haghaidh níos mó ná 1.5 milliún tairbhí faoin am seo, ar dídeanaithe leochaileacha iad[36]. Leithdháileadh cistiú EUR 500 milliún ón tSaoráid ar an gclár suaitheanta sin faoin dara tráinse den tSaoráid agus tá sé á chur chun feidhme faoi láthair ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na Croise Deirge/an Chorráin Dheirg (ó bhí mí Aibreáin 2020 ann). I bhfianaise an bhreisithe EUR 400 milliún lasmuigh den tSaoráid a d'fhormheas an t-údarás buiséadach i mí Iúil 2020 mar chuid den Bhuiséad Leasaitheach dá dtagraíodh níos luaithe, chomh maith leis an gcistiú breise EUR 325 mhilliún a gealladh ag deireadh 2021 faoin bpacáiste breise EUR 3 bhilliún le haghaidh 2021-23, áirithítear go leanfar den tacaíocht ESSN go dtí an chéad ráithe de 2023[37].

Faoin dara tráinse, shínigh an Coimisiún deontas díreach EUR 245 mhilliún leis an Aireacht Seirbhísí Teaghlaigh agus Sóisialta chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht airgeadais mhíosúil a sholáthar a bheadh inchomparáide leis an gcúnamh sóisialta a sholáthraítear do dhaoine leochaileacha faoi chóras slándála sóisialta na Tuirce, i.e. an ESSN Comhlántach (C-ESSN). Tar éis céime ullmhúcháin, cuireadh tús leis na híocaíochtaí leis na tairbhithe i mí Iúil 2021 agus leanfar díobh go dtí lár 2022 ar a laghad. Tá an tionscadal ar siúl i gcomhthráth le ESSN agus soláthraíonn sé tacaíocht do theaghlaigh ina bhfuil tuismitheoirí aonair, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas trom. Tá cruinnithe rialta á dtionól ag Toscaireacht an Aontais agus ag foireann oifig allamuigh na hArd-Stiúrthóireachta um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta (ECHO) chun cur chun feidhme comhthreomhar ESSN agus C-ESSN a chomhordú.

Tá tacaíocht shocheacnamaíoch bhreise á soláthar fós do dhídeanaithe a bhfuil próifíl acu a chuirfeadh ar a gcumas dóibh rochtain a fháil ar an margadh saothair. Is é is aidhm don tacaíocht sin infhostaitheacht dídeanaithe a mhéadú agus foráil a dhéanamh maidir le gairmoiliúint agus oiliúint ar scileanna, oiliúint teanga, comhairleoireacht post, cláir oiliúna ar an láthair oibre agus simpliú an phróisis ceadanna oibre chun tacú le dídeanaithe ón tSiria agus le pobail óstacha araon. Soláthraítear deontais le haghaidh fiontraithe agus oiliúint san fhiontraíocht do ghnólachtaí nuathionscanta a bhaineann le dídeanaithe ón tSiria agus le pobail óstacha araon agus d'fhiontraithe atá ann cheana i gcomhar le hEagraíocht Forbartha Tionscail Bheaga agus Mheánmhéide na Tuirce agus le Banc Forbartha agus Infheistíochta na Tuirce (TKYB). Tá tionscadal eile á chur chun feidhme faoi láthair ag an mBanc Domhanda a thacaíonn le samhail fiontraíochta sóisialta faoi stiúir ban a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun gníomhaíocht inbhuanaithe ginte ioncaim a sholáthar le haghaidh dídeanaithe leochaileacha ón tSiria agus mhná na Tuirce araon. Tá dhá thionscadal eile ann atá dírithe ar thacú le fostaíocht sa talmhaíocht. Ba cheart na tionscadail a bheith ar siúl go dtí lár 2025 ar a dhéanaí.

[36] Faoi mhí Iúil 2021, bhí ESSN tar éis na tairbhithe is leochailí (eadhon tuismitheoirí aonair, teaghlaigh ina bhfuil duine amháin nó níos mó faoi mhíchumas, teaghlaigh a bhfuil duine scothaosta ina cheann díobh) a aistriú chuig clár ESSN (C-ESSN) comhlántach arna chistiú ag AS NEAR. I mí Aibreáin 2022, thug C-ESSN cúnamh do 363 419 dtairbhí

[37] https://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20200706IPR82727/meps-approve-EU585-million-to-support-syrian-refugees-in-neighbouring-countries

Bainistiú imirce

Chistigh an tSaoráid dhá thionscadal sa réimse tosaíochta seo faoin gcéad tráinse le haghaidh iomlán EUR 80 milliún.

Sholáthair an chéad tionscadal tacaíocht ón Aontas chun cur le hacmhainneacht Gharda Cósta na Tuirce oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh. Is é a bhí mar aidhm ag an dara tionscadal tacú leis an Ard-Stiúrthóireacht um Bainistiú Imirce (DGMM) maidir leis an gcaoi a raibh daoine ag filleadh ón Aontas á mbainistiú aici. Tá an dá thionscadal tugtha chun críche.

Na gnéithe inscne laistigh de thionscadail faoin tSaoráid

Tá an Coimisiún tiomanta do chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne 'I gcomhar le chéile i dtreo domhan comhionannais inscne 2021-2025'[38] maidir leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is tosaíochtaí agus cuspóirí uileghabhálacha de chuid an Aontais iad cur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine le haghaidh ban agus cailíní, an chomhionannais inscne agus chumhachtú na mban agus na gcailíní, ar tosaíochtaí agus cuspóirí iad lena dtreoraítear idirghabhálacha na Saoráide.

Go sonrach, tá snáithe daonnúil na Saoráide á rialú ag beartas inscne 2013 AS ECHO 'An Inscne sa Chabhair Dhaonnúil: riachtanais éagsúla, freagairt oiriúnaithe'. Tuigtear leis sin go n-iarrtar ar chomhpháirtithe anailís inscne a dhéanamh ag tús cláir, dearadh agus cur chun feidhme an chláir a oiriúnú i gcomhréir leis na rioscaí agus deiseanna difreálacha atá roimh ghrúpaí inscne, agus tuairisciú ar na torthaí agus úsáid á baint as sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de.

Mar thoradh air sin, cuirtear saincheisteanna a bhaineann le hinscne san áireamh i gcás thionscadail uile na Saoráide agus déantar na saincheisteanna sin a phríomhshruthú. Maidir leis an snáithe daonnúil, cuireadh Marcóir Inscne agus Aoise chun feidhme. Idirghabhálacha na Saoráide, tá siad ceaptha chun soláthar comhdheiseanna a chur chun cinn le haghaidh fear agus ban agus le haghaidh buachaillí agus cailíní. Déantar sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú chun críocha faireacháin. Leis an gCreat Athbhreithnithe le haghaidh Torthaí, a seoladh in 2020, leantar de shonraí a imdhealú ó na táscairí ábhartha uile (76 tháscaire) de réir inscne mar a thuairiscítear faoi dhó sa bhliain sa Tuarascáil Faireacháin ar an tSaoráid. Comhcheanglaítear an príomhshruthú inscne le gníomhaíochtaí tiomnaithe a forbraíodh chun dul chun cinn a áirithiú sa réimse sin. Oibríonn an tSaoráid le comhpháirtithe cur chun feidhme a bhfuil taithí mhaith acu ar an gcur chuige sin agus a bhfuil d'acmhainneacht acu dul i mbun idirphlé le húdaráis na Tuirce. Áirítear orthu sin Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF), Eintiteas na Náisiún Aontaithe um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan, Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal, agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS).

Mar rannchuidiú ar leith le Cearta Sláinte Gnéis agus Atáirgthe, sháraigh an tSaoráid a sprioc maidir le comhairliúchán i ndáil le Cúram Réamhbhreithe. Fuair 97 % de dhídeanaithe mná san iomlán comhairliúcháin cúraim réamhbhreithe amháin nó níos mó, agus fuair formhór

[38] https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/join-2020-17-final_en.pdf

díobh trí cinn de chomhairliúcháin nó níos mó. Ina theannta sin, ó bhí 2018 ann, tá méadú 50 % ag teacht ar chéatadán na mban iarthuismidh a bhfuil comhairliúchán Cúram Réamhbhreithe amháin ar a laghad á fháil acu, a bhuíochas le tacaíocht ón tSaoráid, agus san am céanna bhí laghdú 18 % ar an sciar de dhídeanaithe mná in aois atáirgthe a chuir in iúl go raibh gá acu le seirbhísí sláinte atáirgthe agus nár freastalaíodh ar an ngá sin. Soláthraítear na seirbhísí sláinte do dhídeanaithe tríd an tionscadal SIHHAT, a oibríonn thart ar 180 Ionad Sláinte d'Imirceacha ar fud na Tuirce.

5. Faireachán & meastóireacht

Ceapadh córas faireacháin agus meastóireachta na Saoráide chun a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus a fheabhsú go leanúnach.

Faireachán

Léiríonn Creat Torthaí na Saoráide creat straitéiseach na Saoráide féin chomh maith leis na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoi scáth na Saoráide agus a gcreataí loighciúla. Roinneadh an Creat Torthaí is déanaí agus Teoiric na Saoráide um Athrú le Coiste Stiúrtha na Saoráide i mí na Nollag 2021. Leanadh den tuairisciú dhá uair sa bhliain ar an méid a bhí bainte amach ag an tSaoráid tríd an Tuarascáil chuimsitheach Faireacháin ar an tSaoráid. Is féidir teacht ar an tuarascáil is déanaí a chumhdaíonn an tréimhse go dtí mí an Mheithimh 2021 ar shuíomh gréasáin AS NEAR[39].

Agus tascanna faireacháin agus tuairiscithe na Saoráide á gcur chun feidhme aige, tá tacaíocht á fáil ag an gCoimisiún fós ó fhoireann cúnaimh theicniúil (SUMAF[40]).

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2021, bhí 193 mhisean faireacháin curtha i gcrích: bhí sé mhisean faireacháin dírithe ar thorthaí (ROM), 72 mhisean cúnaimh theicniúil, agus 115 mhisean seiceála/faireacháin ar an láthair déanta; Dhírigh 65 % de na misin sin ar chonarthaí faoi bhainistíocht dhíreach.[41]

Rinne foireann allamuigh AS ECHO sa Tuirc agus an oifig réigiúnach AS ECHO in Amman faireachán ar ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi na Pleananna Cur Chun Feidhme Daonnúla (HIPanna), chomh maith le faireachán ar chuairteanna ball foirne ón gceanncheathrú. Faoi dheireadh mhí Feabhra 2021, bhí 90 misean faireacháin curtha i gcrích.

[39] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/enlargement-policy/negotiations-status/turkey/eu-facility-refugees-turkey_en

[40] Cúnamh Teicniúil chun tacú le faireachán ar Ghníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc – IPA/2018/393-877

[41] Figiúirí carnacha, ó 2017.

Meastóireacht

Meastóireacht Mheán-téarma Straitéiseach

Leis an meastóireacht mheán-téarma straitéiseach ar an tSaoráid, cumhdaíodh tréimhse ceaptha, deartha agus cur chun feidhme an chéad tráinse, ó cuireadh tús leis ag deireadh 2015 go dtí tús 2021, mar ar críochnaíodh an mheastóireacht. Luadh sa mheasúnú foriomlán ar an meastóireacht gur Saoráid í nach bhfacthas a leithéid riamh ó thaobh scála agus tionchair de, gur slógadh go mear í agus gur fhreastail sí ar riachtanais na ndídeanaithe den chuid is mó. Chuir sí go mór le bunriachtanais na ndídeanaithe a shásamh, agus chumasaigh sí uas-scálú rialtais níos tapa maidir leis na seirbhísí sláinte agus oideachais ná mar a bheadh amhlaidh murach í. Fuarthas sa mheastóireacht gur chomhoibrigh an tSaoráid go maith lena comhpháirtithe rialtais, in ainneoin módúlachtaí a bhí dúshlánach uaireanta, agus gur féidir í a mheas mar shamhail le haghaidh oibríochtaí dídeanaithe, lena léirítear tacaíocht phraiticiúil agus dlúthpháirtíocht le dídeanaithe sa Tuirc. Fuarthas sa mheastóireacht, cé gur aistriú rianúil a bhí ann ó éigeandáil go forbairt den chuid is mó, go bhfuil an éiginnteacht maidir le cistiú amach anseo tar éis an cumas chun pleanáil go héifeachtach a chur i mbaol. Is í conclúid na tuarascála gur gá níos mó a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh le roinnt dídeanaithe ar lú an dóchúlacht go mbeidh rochtain acu ar chúnamh, agus moltar inti rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí le haghaidh dídeanaithe nach ndéantar freastal orthu agus bearta chun an teannas sóisialta le haghaidh dídeanaithe a mhaolú. Áirítear sa tuarascáil freisin achoimre feidhmiúcháin ghonta agus roinn maidir le freagairt na Saoráide ar COVID-19. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Choiste Stiúrtha mhí an Mheithimh 2021 agus faoi bhráid an phobail i gcoitinne le linn imeachta ag tús mhí Iúil. Is féidir teacht ar shonraí

6. Iniúchóireacht

Tar éis do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an Tuarascáil Speisialta ar an tSaoráid a eisiúint[42] i mí na Samhna 2018, tá an Coimisiún ag leanúint dá moltaí a chur chun feidhme. Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis na moltaí go léir, go háirithe a mhéid a bhaineann le straitéis aistrithe a fhorbairt, comhlántacht na n-ionstraimí a shlógtar faoin tSaoráid agus na costais tacaíochta indíreacha a laghdú.

7. Cumarsáid agus infheictheacht

Is í straitéis cumarsáide 2017 an creat foriomlán le haghaidh gníomhaíochtaí cumarsáide fós, agus é d'aidhm aige infheictheacht gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an tSaoráid a fheabhsú.

Craoladh roinnt eipeasóidí teilifíse dar teideal 'New Beginning' [Tús Nua] ar CNNTurk, inar léiríodh deich scéal daonspéise, mar aon le tionscadail faoin tSaoráid. Cuireadh na heipeasóidí ar chainéal YouTube Thoscaireacht an Aontais agus fotheidil Bhéarla ag gabháil leo, agus tá siad ar fáil mar sheinnliosta freisin. Rinneadh suirbhé cainníochtúil chun measúnú a dhéanamh ar an dearcadh atá ag an bpobal (lena n-áirítear dearcadh na ndídeanaithe) ar thacaíocht an Aontais do dhídeanaithe sa Tuirc. Le cabhair dhaonnúil an Aontais faoin tSaoráid, i gcomhar lena chomhpháirtithe, léiríodh agus scaipeadh táirgí cumarsáide éagsúla

[42] https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR18_27/SR_TRF_EN.pdf

inar díríodh ar lucht féachana san Aontas Eorpach agus sa Tuirc, lenar áiríodh ocht bhfíseán, trí phreasráiteas áitiúla lenar tarraingíodh clúdach meán sa Tuirc, agus blag amháin.

Imeachtaí agus searmanais

Ar ócáid Lá Domhanda na nDídeanaithe, d'óstáil rúnaíocht na Saoráide féile scannán aon seachtaine ar líne, inar léiríodh scannáin a tharraing aird ar shaol na ndídeanaithe. Labhraítear iontu faoi ghnéithe éagsúla de shaol na ndídeanaithe; mar shampla, na haistir a chuir siad díobh agus iad ag lonnú in áiteanna nua a bhí ina n-áiteanna eachtracha dóibh roimhe sin, na constaicí agus na baic a bhí rompu chun saol nua á fhorbairt agus cloí lena bhféiniúlacht i dtír nua san am céanna, agus na heispéiris a bhí acu agus iad ag iarraidh caidreamh nua a chothú le daoine agus tabhairt faoi dhúshláin nua. Bhí na scannáin ar fáil lena sruthú ar fud na Beilge ón 20 go dtí an 26 Meitheamh 2021 agus áiríodh leo cláir faisnéise agus léirithe aicsin bheo, iontrálacha gearra, meánfhaid agus lánfhada san áireamh[43]. San am céanna, d'eagraigh Toscaireacht an Aontais in Ankara imeacht teilgmhapála ag Túr Galata in Iostanbúl. Taispeánadh físeáin na hócáide sin, chomh maith le cur chun cinn na féile scannán, ar chainéil meán sóisialta Thoscaireacht an Aontais agus NEAR.

Eagraíodh imeachtaí agus misin i roinnt cathracha agus an Ceann Toscaireachta, an Leas-Cheann Toscaireachta agus an Ceann Oibríochtaí i láthair. Ina theannta sin, léirigh na comhpháirtithe cur chun feidhme imeachtaí, scéalta, físeáin agus foilseacháin. Orthu sin bhí searmanas cur crann i scoil a tógadh le cistí ón Aontas, searmanas aistrithe otharcharranna chuig an Aireacht Sláinte, físeáin a léiríodh faoi thionscadal SIHHAT, chomh maith le scéalta faoi thionscadail na Saoráide ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB), *Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge* agus an Chorráin Dheirg (IFRC), Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), an Banc Domhanda, agus comhpháirtithe eile. D'fhoilsigh na comhpháirtithe cur chun feidhme scéalta ar a gcainéil ar na meáin shóisialta agus roinn Toscaireacht an Aontais iad.

Láithreacht ar na meáin shóisialta

Eagraíodh feachtas ar na meáin shóisialta le haghaidh Chomhdháil na Siria 2021, inar léiríodh físeáin a bhí dírithe ar na hearnálacha a chumhdaítear faoin tSaoráid, chomh maith le beoshruthú ar Facebook agus Twitter i mBéarla agus i dTuircis. Léiríodh cúig fhíseán inar tarraingíodh aird ar chúig earnáil faoin tSaoráid agus roinneadh iad ar chuntais na meán sóisialta. Ina theannta sin, foilsíodh dhá scéal faoi sheirbhísí sláinte agus faoi thógáil ospidéal ar shuíomh gréasáin Thoscaireacht an Aontais.

I mí Eanáir 2022, cuireadh feachtas digiteach mórscála, #PowerToBe, chun feidhme sa Tuirc agus sa Ghearmáin, san Iodáil, sa tSualainn, sa Phortaingéil agus sa Pholainn chun an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála (ESSN) a chur i láthair. Bhí an feachtas ar siúl ar na meáin shóisialta, ach ina theannta sin, úsáideadh tionchairí, miontionchairí agus comhpháirtithe um chaidreamh poiblí agus comhpháirtithe ó na meáin.

[43] https://unheardstories.eu/

8. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2021 maidir leis an tSaoráid a chur chun feidhme. Tá conradh déanta maidir le himchlúdach oibríochtúil iomlán na Saoráide agus táthar tar éis os cionn EUR 4.6 billiún a eisíoc. Lean an tSaoráid de chúnamh a raibh géarghá leis a sholáthar do dhídeanaithe agus do phobail óstacha sa Tuirc.

Áirítear leis na chéad chéimeanna eile:

- *Leanúint de na tionscadail uile a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach chun tairbhe na ndídeanaithe agus na bpobal óstach, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais*
- *Obair leantach ar mholtaí na meastóireachta meán-téarma agus iad a chur chun feidhme*
- *Leanúint de ghníomhaíochtaí cumarsáide a bhaineann leis an tSaoráid a chur i bhfeidhm*
- *Coistí Stiúrtha na Saoráide a eagrú in earrach agus i bhfómhar 2022*
- *Tacaíocht bhreise a chlársceidealú agus a chur chun feidhme le haghaidh dídeanaithe agus pobail óstacha sa Tuirc chun inbhuanaitheacht an mhéid atá bainte amach ag an tSaoráid a áirithiú*